Aonad 5

Bileog Oibre

I dtús báire

Tugtar thíos ceithre achoimre ar an mhéid a bhí le rá ag Seán Ó Daimhín sa mhír físe. Amharc ar an mhír iomlán uair amháin agus roghnaigh an achoimre is fearr a chuireann síos ar ábhar na míre.

1 Gníomhaíochtaí trí Ghaeilge – drogall ar chainteoirí dúchais. ❒

2 An Chomhairle Contae ag freastal ar éileamh ó fhoghlaimeoirí Gaeilge. ❒

3 Déan gníomhaíochtaí a chur ar fáil trí Ghaeilge agus tiocfaidh daoine. ❒

4 Easpa tacaíochta do ghrúpaí a lorgaíonn gníomhaíochtaí trí Ghaeilge. ❒

Anois, amharc ar an mhír uair amháin eile agus breac síos cúpla pointe le tacú leis an rogha a rinne tú.

_____

_____

An dara seans

A Déan iarracht leaganacha Gaeilge de na frásaí thíos a scríobh síos. Tabhair aird faoi leith ar an litriú.

1 Two Irish language officers _____

2 He's a native speaker himself _____

3 A colleague of mine started this _____

4 He learned a lot from it _____

5 I hope they'll continue in the future _____

6 It's well underway _____

7 Those who attend _____

8 A moonlight walk _____

9 That's what we're doing _____

B Anois, éist arís leis an mhír agus déan iarracht na leaganacha Gaeilge a d'úsáid Seán de na frásaí thuas a bhreacadh síos. Cuimhnigh gur minic a bhíonn cúpla bealach ann leis an rud chéanna a rá.

Cluastuiscint

Freagair na ceisteanna seo a leanas. Ansin, déan do chuid freagraí a phlé leis an duine in aice leat. Thig libh éisteacht leis an mhír arís le rudaí a chinntiú, más gá.

1 Cén dá réimse oibre a mbíonn na hoifigigh Ghaeilge sa Chomhairle Contae ag plé leo?

_____

2 Cén t-eolas a thugann Seán faoin mhúinteoir a bhí i mbun an chúrsa damhsa i Leitir Ceanainn?

_____

3 Cén fhianaise atá ann gur éirigh go maith leis an chúrsa damhsa sin?

_____

4 Deir Seán gur 'ardú feasachta' atá sna hiarrachtaí seo ar fad. Caidé go díreach atá i gceist aige leis sin?

_____

An ghramadach

A Bhí an frása seo in úsáid ag Seán san agallamh: 'Iarradh air é a dhéanamh i nGaeilge'.
Caidé mar a dhéanfá an frása sin a aistriú go Béarla?

B Is é an briathar saor atá i gceist le 'iarradh' sa chás seo. Baintear úsáid as an bhriathar shaor nuair nach mbíonn a fhios againn cén duine a dhéanann gníomh faoi leith nó nuair nach mian linn an t-eolas sin a thabhairt. Amharc ar an dá shampla seo thíos:

1 Dúradh leis an rang ar fad éisteacht leis an nuacht.
(Níl a fhios againn cé a dúirt sin leis an rang.)

2 Dúirt an múinteoir leis an rang ar fad éisteacht leis an nuacht.
(Tá gníomhaí san abairt seo, is é sin 'an múinteoir'. Is é an múinteoir a dúirt leis an rang éisteacht leis an nuacht)

C Anois, léigh na habairtí thíos agus scríobh an briathar saor sa bhearna in achan chás.

D Nuair a bheidh tú críochnaithe, déan féin agus an duine in aice leat na leaganacha atá agaibh a phlé. Seiceáil briathar ar bith nach bhfuil sibh cinnte faoi sa bhosca cuardaigh ag https://www.teanglann.ie/ga/gram/. An dtig libh na rialacha a bhaineann le cumadh an bhriathair shaoir san aimsir ghnáthláithreach, san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach a scríobh sa spás sa ghreille? Tabharfaidh an múinteoir cuidiú daoibh.

	An chéad réimniú	**An dara réimniú**
An aimsir ghnáthláithreach	*Ól* Sin deoch nach _____ mórán di anseo. *Caith* Ní _____ go leor airgid ar chúrsaí sláinte.	*Ceannaigh* _____ cuid mhór leabhar mar bhronntanais aimsir na Nollag. *Imir* _____ cluiche peile in ómós do Sheán achan bhliain.
Riail: _____ _____ _____		
An aimsir chaite	*Glan* Nár _____ an seomra sin go fóill? Druid _____ na doirse ag leath i ndiaidh a naoi.	*Gortaigh* Go hádhúil níor _____ duine ar bith sa timpiste. Éirigh _____ as a bheith ag soláthar ranganna saor in aisce.
Riail: _____ _____ _____		
An aimsir fháistineach	*Líon* Sin post nach_____ go deo mura n-ardófar an tuarastal. *Pléigh* _____ an cheist sin ag an chéad chruinniú eile.	*Clúdaigh* _____ costais na féile gan deacracht ar bith. *Smaoinigh* _____ ar chleas inteacht le dul i ngleic leis an fhadhb.
Riail: _____ _____ _____		

Tusa ag cleachtadh

Léigh na habairtí thíos. Cuir líne faoi na focail a bheidh le fágáil ar lár má bhaineann tú úsáid as an bhriathar shaor. Ansin, scríobh an fhoirm cheart den bhriathar shaor in achan chás. Déan do chuid iarrachtaí a phlé leis an duine in aice leat sula bpléifidh an múinteoir an ghníomhaíocht leis an rang ar fad.

1 Déanann muid imeachtaí a eagrú cúpla uair i gcaitheamh na bliana.

_____

2 Ceadaíonn muid do pháistí de gach aois freastal ar na hócáidí ar fad.

_____

3 Ar an drochuair, léiríonn na taighdeoirí go bhfuil sé rómhall gníomhú anois.

_____

4 Bíonn fearg orm go bhfágann an coiste an obair ar fad fúmsa.

_____

5 Is iad na seanscéalta céanna a insíonn siad an t-am ar fad.

_____

6 Níor cheart go mbeadh iontas ort nuair nach bhfreagraíonn siad an guthán.

_____

7 Is cosúil gur dhíol an gníomhaire eastáit dhá theach sa cheantar seo le gairid.

_____

8 Aréir a d'oscail Príomh-Aoire an Rialtais an foirgneamh go hoifigiúil.

_____

9 Tá mé ag súil leis an lá a fhoilseoidh tú do chuid taighde ar an cheist sin.

_____

10 Is cinnte go dtuigfidh daoine an cheist níos fearr nuair a fheicfidh siad an fhianaise.

_____

11 Tá dóchas ann go réiteoidh siad na deacrachtaí nuair a bheidh maoiniú breise ar fáil.

_____

12 Deir na bainisteoirí go bhfiosróidh siad an fhadhb agus go ndéanfaidh siad beart.

_____

Saibhriú teanga

Cuir *Aonad 5 Comhad fuaime 1* ar siúl. Cluinfidh tú duine ag cur síos ar an bhealach ar éirigh leis a chuid Gaeilge a chleachtadh agus scil úr a fhoghlaim ag an am chéanna. Sula n-éistfidh tú leis an mhír, déan iarracht focail/frásaí a aimsiú atá ar comhchiall leis na cinn a bhfuil cló iodálach orthu. Ansin, éist leis an mhír agus aimsigh na leaganacha a d'úsáid Cormac.

1 Tá mé *i mo chónaí*. _____

2 *Breis agus* cúig bliana. _____

3 *Tá dúil mhór agam* san áit. _____

4 Bhí rud *beag leisce* orm. _____

5 Ní raibh aithne agam *ar dhuine ar bith*. _____

6 *Dul go dtí* an chathair. _____

7 *Dá mba mhaith liom* cuideachta. _____

8 Garradh *breá mór*. _____

9 *Ní raibh tuairim dá laghad agam*. _____

10 *Cuid mhaith* den teanga. _____

11 *Cúpla duine* eile sa rang. _____

12 *Níos faide anonn* sa bhliain. _____

13 *Níl mo chuid iarrachtaí rómhaith*. _____

Cluastuiscint

Éist arís leis an mhéid a dúirt Cormac agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1 Cad chuige nach raibh sé róthógtha lena áit úr chónaithe ag an tús?

_____

2 Caidé mar a fuair sé amach faoin chúrsa garraíodóireachta?

_____

3 Cén t-eolas a thugann sé dúinn faoi chumas Gaeilge an teagascóra agus daoine eile ar an chúrsa?

_____

4 Caidé atá beartaithe aige féin tabhairt faoi anois?

_____

Seal ag léamh

Ar ball beidh sibh ag léamh ailt faoin Pop-Up Gaeltacht a foilsíodh ar tuairisc.ie in 2019. Sula léifidh sibh an t-alt, déanaigí an dá cheist seo a leanas a phlé.

1 Cén t-eolas atá agat faoin Pop-Up Gaeltacht?

2 Cén tuairim atá agaibh maidir lena leithéid a bheith á eagrú sa Ghaeltacht?

Beidh 'Pop-Up Gaeltacht' ar siúl sa Ghaeltacht den chéad uair anocht

Cé gur bunaíodh an 'Pop-Up' chun deis a thabhairt do dhaoine lasmuigh den Ghaeltacht an teanga a labhairt mar a bheadh siad sa Ghaeltacht don oíche, beidh ceann de na hócáidí 'pop-up', a mbíonn an-tóir ar fud an domhain orthu, á eagrú anocht i nGaeltacht iarthuaisceart Dhún na nGall.

Is iad Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola atá ag eagrú na hoíche Pop-Up sa Ghaeltacht, mar chuid d'Fhéile Ghort an Choirce.

Cé go mb'fhéidir go mba aisteach le daoine go mbeadh 'Pop-Up Gaeltacht' á reáchtáil sa Ghaeltacht féin, deir Mícheál Mac Aoidh, Oifigeach Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola, go bhfuil "gá" lena leithéid d'ócáidí. Ag labhairt dó le tuairisc.ie, dúirt Mac Aoidh gur theastaigh ócáidí a mbeadh sé "intuigthe do dhaoine gurb í an Ghaeilge an teanga labhartha acu".

"Tá an mhórtheanga ag brú isteach ar gach réimse den saol agus bíonn an lámh in uachtar aici ag go leor ócáidí sóisialta," a dúirt Mac Aoidh. Dúirt sé go raibh "éileamh" i measc an phobail ar ócáidí macasamhail oíche Pop-Up, ina mbeadh tús áite á thabhairt don Ghaeilge agus ag a mbeadh fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais araon.

Dúirt sé gur tháinig an t-éileamh is mó "ó dhaoine atá ina gcónaí sa cheantar nach bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu". "Tá daoine a bhog isteach sa cheantar, daoine a phós isteach san áit, daoine ón cheantar nár tógadh le Gaeilge, teaghlaigh a d'fhill abhaile, eachtrannaigh agus mar sin de. Tá Gaeilge mhaith ag formhór acu; tá Gaeilge iontach ag cuid eile, ach níl an mhuinín acu í a labhairt.

"Arís agus arís eile, chuir na daoine seo in iúl dúinn gurb í an chloch is mó ar a bpaidrín deiseanna a fháil leis an teanga a chleachtadh go nádúrtha agus deis a fháil labhairt le cainteoirí dúchais. Is chuige sin atá muid ag eagrú ócáidí agus deiseanna do na daoine seo – daoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt go laethúil ach nach bhfaigheann an deis," a dúirt Oifigeach Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola. Thagair Mac Aoidh chomh maith do thaighde a rinneadh agus plean teanga an cheantair á chur le chéile, taighde inar mhaígh 65% de phobal na háite go raibh "níos mó deiseanna" de dhíth chun an Ghaeilge a úsáid.

Dúirt Oifigeach Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola go raibh na hoícheanta 'Pop-up' seo "mar chuid de shraith imeachtaí, agus ócáidí eile" a bheas á reáchtáil i nGaeltacht Dhún na nGall a thabharfaidh "an eochair d'fhoghlaimeoir chun bualadh le lucht labhartha na Gaeilge".

Chuir Peadar Ó Caomhánaigh, duine de bhunaitheoirí 'An Pop-Up Gaeltacht' fáilte roimh an scéala go mbeadh an chéad oíche Pop-Up á reáchtáil sa Ghaeltacht. "Is í an Ghaeltacht croílár na teanga agus nuair a thosaíomar na hoícheanta Pop-Up is í an aidhm a bhí againn ná go ndéanfadh muid Gaelú ar áit agus go ndéanfaimis beagáinín den Ghaeltacht a chruthú sa Ghalltacht. Pé rud a chuidíonn leis an teanga. Má tá muintir na Gaeltachta ag breathnú ar an gcoincheap seo agus ag rá go bhfuil maitheas ann dóibh tá sé sin go hiontach," a dúirt Peadar Ó Caomhánaigh.

Curtha in oiriúint ó alt le Méabh Ní Thuathaláin, a foilsíodh ar www.tuairisc.ie, Dé hAoine, 26 Iúil, 2019.

Nod don eolach

Le linn duit a bheith ag léamh ailt ar www.tuairisc.ie is furasta teacht ar shainmhíniú ar fhocal nó ar fhrásaí nach dtuigeann tú. Cliceáil ar 'FOCLÓIRÍ' ag barr an scáileáin, ar thaobh na láimhe clé. Níl le déanamh anois ach cliceáil ar an fhocal san alt agus chífidh tú míniú ó www.teanglann.ie. Bain triail as.

Deiseanna úsáide

Déan féin agus beirt eile sa rang na ceisteanna thíos a phlé.

1. Cén tuairim atá agaibh faoi na pointí a rinneadh san alt maidir le heagrú Pop-Up Gaeltacht sa Ghaeltacht? An mbeadh rath ar a leithéid seo d'imeacht in bhur gceantar féin? Cad chuige?
2. Déanaigí cur síos ar na deiseanna a bhíonn agaibh féin an teanga a úsáid taobh amuigh de chúrsaí agus de ranganna.
3. An mbíonn mórán imeachtaí nó gníomhaíochtaí ar siúl trí mheán na Gaeilge in bhur gceantar féin?
4. Caidé na gníomhaíochtaí a mbeadh suim agaibh féin iontu dá mbeadh siad ar fáil i nGaeilge? An bhfuil scil faoi leith agaibh féin agus an mbeadh suim agaibh cúrsa san ábhar sin a chur ar fáil i nGaeilge?
5. Le linn do Sheán Ó Daimhín a bheith ag caint ar na ranganna aclaíochta trí mheán na Gaeilge, dúirt sé, 'Is mó suim atá ag na daoine san aclaíocht ná sa teanga'. Caidé na buntáistí a bhaineann le bheith ag sóisialú/ag foghlaim scil úr trí mheán na Gaeilge, dar leat?

An raibh a fhios agat?

Déanann eagraíochtaí Gaeilge ar fud an oileáin réimse leathan d'imeachtaí a eagrú trí mheán na Gaeilge. I measc na n-imeachtaí a bhíonn á n-eagrú ag Oireachtas na Gaeilge i gcaitheamh na bliana tá *parkruns*, féastaí sráide agus ócáidí fá choinne oíche Nollag na mBan. Tuilleadh eolais ag www.antoireachtas.ie.

Mar a luaigh Seán Ó Daimhín, bíonn imeachtaí ag Comhairle Contae Dhún na nGall, ag comhairlí eile agus ag na hoifigigh Ghaeilge ar fud na tíre. Amharc ar leathanaigh idirlín na n-eagraíochtaí sin agus ar na leathanaigh atá acu ar na meáin shóisialta.

Seo roinnt eagraíochtaí eile a chuireann imeachtaí ar fáil:

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich (Béal Feirste): https://www.culturlann.ie/ga
Turas: East Belfast Mission (Béal Feirste): https://www.ebm.org.uk/turas/
Cultúr Uí Chianáin (Doire): http://culturlann.org/
An Carn (Carn Tóchair, Co. Dhoire): http://www.ancarn.org/ga/baile
Gaeláras Mhic Ardghail (Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin)
Aonach Mhaca (Ard Mhacha): http://www.cairdeteo.com/ga/aonach-mhacha/

Tusa ag foghlaim: an léitheoireacht

Tá go leor buntáistí ann don fhoghlaimeoir Gaeilge a bhíonn ag léamh go rialta sa teanga. Ní amháin go gcuidíonn an léitheoireacht linn cur leis an stór focal atá againn ach cuireann muid leis an eolas atá againn ar struchtúir agus ar chomhréir na teanga fosta. Déan iarracht cineálacha difriúla téacsanna a léamh – giolcacha (nó 'tvuíteanna'), ailt ghearra, gearrscéalta agus tuairiscí nuachta. Léigh faoi na hábhair a bhfuil suim agat féin iontu. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeifeá ag léamh go rialta agus go mbainfeá pléisiúr as.

Tá straitéisí ann a dtig leat a úsáid le cuidiú leat agus tú i mbun léitheoireachta. Bain triail as cuid acu.

- Ná bí buartha faoi achan fhocal sa téacs a thuigbheáil. Seans gur leor duit na príomhphointí a thabhairt leat.
- Bain úsáid as an eolas atá agat féin cheana féin ar ábhar an téacs. Úsáid an comhthéacs le buille faoi thuairim a thabhairt faoi chiall na bhfocal agus na bhfrásaí nach bhfuil tú cinnte fúthu.
- An dtig leat an focal a bhriseadh ina ghiotaí? An aithníonn tú cuid ar bith den fhocal?
- Bí eolach ar an dóigh a mbíonn téacsanna éagsúla leagtha amach. In ailt nuachta, mar shampla, bíonn príomhphointí an scéil le fáil sa chéad pharagraf. Déantar forbairt ar na pointí sin sna paragraif a leanann agus tugtar achoimre sa pharagraf dheireanach.
- Le linn duit a bheith ag léamh, bí ag cur ceisteanna ort féin maidir le focail agus frásaí áirithe. Cén chuid den ghramadach atá i gceist? Cén aimsir atá i gceist? An bhfuil sé cosúil le focal ar bith eile atá ar eolas agat i nGaeilge nó i dteangacha eile?
- Léigh an téacs níos mó ná uair amháin. An chéad léamh le barúil ghinearálta a fháil faoin ábhar; an dara léamh leis na príomhphointí a thabhairt leat agus léamh níos cúramaí ina dhiaidh sin, ag brath ar an aidhm atá agat nó an tasc atá le cur i gcrích agat.

- Bíodh bealach agat le taifead a choinneáil ar nathanna úra a bhfuil dúil agat iontu agus a bheidh úsáideach duit. Bí cinnte agus súil siar a dhéanamh ar an ábhar seo go rialta. D'fhéadfá leabhar beag nótaí a úsáid nó fillteán a chruthú ar líne.
- Tapaigh achan deis na nathanna úra a úsáid agus tú ag scríobh agus ag caint le daoine eile. Is mar sin is fearr a éireoidh leat cuimhne a choinneáil orthu.

Cuimhnigh go bhfuil foclóir ar tuairisc.ie a chuideoidh leat ciall a bhaint as ailt ar an suíomh sin. Tá neart acmhainní ar líne le cuidiú leat agus tú ag léamh, mar shampla, www.teanglann.ie agus www.tearma.ie.